# AN BANC CEANNAIS EORPACH (BCE)

Is é an Banc Ceannais Eorpach (BCE) institiúid lárnach an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta agus tá sé freagrach as beartas airgeadaíochta sa limistéar euro ón 1 Eanáir 1999. Is iad BCE agus bainc cheannais náisiúnta uile an Aontais a chomhdhéanann an Córas Eorpach Banc Ceannais (CEBC). Is é príomhchuspóir CEBC cobhsaíocht praghsanna a choimeád ar bun. Ó 2014 i leith, tá BCE freagrach as cúraimí a bhaineann le maoirseacht stuamachta institiúidí creidmheasa faoin Sásra Maoirseachta Aonair.

## BUNÚS DLÍ

- Airteagail 3 agus 13 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE);
- Airteagail 3(1)(c), 119, 123, 127-134, 138-144, 219 agus 282-284 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE);
- Prótacal (Uimh. 4) maidir le Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais (CEBC) agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE); Prótacal (Uimh. 16) maidir le Forálacha Áirithe a bhaineann leis an Danmhairg; arna gcur i gceangal le CAE agus le CFAE;
- Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannais Eorpach i dtaca le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa (an Rialachán maidir leis an Sásra Maoirseachta Aonair (SMA));
- Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe (an Rialachán maidir leis an Sásra Réitigh Aonair (SRA)).

## EAGAR AGUS OIBRÍOCHTAÍ

De réir na gConarthaí, áirítear ar phríomhfhreagrachtaí BCE stiúradh an bheartais airgeadaíochta sa limistéar euro. Ina theannta sin, leis an Rialachán maidir le SMA, bronnadh feidhmeanna maoirseachta áirithe ar BCE le haghaidh institiúidí creidmheasa amhail ó mhí na Samhna 2014.

**A.** Feidhm airgeadaíochta

Tá an Córas Eorpach Banc Ceannais (CEBC) comhdhéanta den Bhanc Ceannais Eorpach (BCE) agus de bhainc cheannais náisiúnta na mBallstát uile, lena n-áirítear na Ballstáit sin nach bhfuil an euro mar airgeadra acu. Maidir leis an Eurochóras,

áfach, tá sé comhdhéanta de BCE agus de bhainc cheannais náisiúnta na mBallstát sin amháin a bhfuil an euro mar airgeadra acu. Tagraíonn CFAE do CEBC seachas don Eurochóras, ós rud é gur tarraingíodh suas é ar an mbonn go nglacfadh gach Ballstát an euro sa deireadh. Maidir leis na Ballstáit nach bhfuil an euro mar airgeadra acu go fóill (toisc go bhfuil maolú nó rogha an diúltaithe acu), níl feidhm ag forálacha áirithe den Chonradh a thagraíonn do CEBC maidir leo, rud a chiallaíonn, go praiticiúil, go ndéanann tagairtí ginearálta an Chonartha do CEBC tagairt go príomha don Eurochóras. Tá neamhspleáchas BCE cumhdaithe in Airteagal 130 CFAE: 'I bhfeidhmiú na gcumhachtaí agus i gcomhlíonadh na gcúraimí agus na ndualgas a chuirtear orthu sna Conarthaí agus i Reacht an CEBC agus an BCE, ní fhéadfaidh an Banc Ceannais Eorpach, banc ceannais Ballstáit ná aon chomhalta dá gcomhlachtaí cinnteoireachta teagaisc a iarraidh ná a ghlacadh ó institiúidí, ó chomhlachtaí, ó oifigí nó ó ghníomhaireachtaí Aontais, ó aon Rialtas Ballstáit ná ó aon chomhlacht eile.'

**1.** Comhlachtaí cinnteoireachta

Is iad an Chomhairle Rialaithe, an Bord Feidhmiúcháin agus an Chomhairle Ghinearálta comhlachtaí cinnteoireachta BCE. Is iad comhlachtaí cinnteoireachta BCE a rialaíonn CEBC.

**a.** An Chomhairle Rialaithe

Tá Comhairle Rialaithe BCE comhdhéanta de chomhaltaí Bhord Feidhmiúcháin BCE agus de Ghobharnóirí na mbanc ceannais náisiúnta ó Bhallstáit an limistéir euro. Leagann sí síos an beartas airgeadaíochta agus cinneann sí na treorlínte is gá dá chur chun feidhme. Glacann an Chomhairle Rialaithe Rialacha Nós Imeachta BCE, déanann sí feidhmeanna comhairleacha a fheidhmiú agus cinneann sí conas ba cheart ionadaíocht a dhéanamh ar BCE i dtaobh comhar idirnáisiúnta. Féadfaidh an Chomhairle Rialaithe cumhachtaí áirithe a tharmligean chuig an mBord Feidhmiúcháin. Tagann an Chomhairle Rialaithe le chéile dhá uair sa mhí de ghnáth agus tá córas uainíochta míosúil um chearta vótála aici. Roinneann na Gobharnóirí ó na tíortha atá rangaithe ón gcéad áit go dtí an cúigiú háit de réir mhéid a ngeilleagar agus mhéid a n-earnálacha airgeadais ceithre cheart vótála. Tá 11 cheart vótála ag na 15 thír atá fágtha. I dteannta Ghobharnóirí na mbanc ceannais náisiúnta, tá cearta vótála buana ag comhaltaí Bhord Feidhmiúcháin BCE.

**b.** An Bord Feidhmiúcháin

Tá an Bord Feidhmiúcháin comhdhéanta den Uachtarán, den Leas-Uachtarán agus de cheathrar comhaltaí eile. Déanann an Chomhairle Eorpach iad a cheapadh trí thromlach cáilithe ar mholadh ón gComhairle tar éis di dul i gcomhairle leis an bParlaimint agus leis an gComhairle Rialaithe. Ocht mbliana atá sa téarma oifige agus níl sé in-athnuaite. Tá an Bord Feidhmiúcháin freagrach as gnó reatha agus laethúil BCE. Cuireann sé beartas airgeadaíochta chun feidhme i gcomhréir leis na treoirlínte agus leis na cinntí arna nglacadh ag an gComhairle Rialaithe. Tugann sé treoir do na bainc cheannais náisiúnta freisin agus ullmhaíonn sé cruinnithe na Comhairle Rialaithe.

**c.** An Chomhairle Ghinearálta

Is í an Chomhairle Ghinearálta an tríú comhlacht cinnteoireachta de chuid BCE, ach ní bheidh sin amhlaidh ach chomh fada is atá Ballstáit ann nach bhfuil an euro

mar airgeadra acu go fóill. Tá sí comhdhéanta d’Uachtarán BCE, de Leas-Uachtarán BCE agus de Ghobharnóirí bhainc cheannais náisiúnta na mBallstát uile. Féadfaidh comhaltaí eile den Bhord Feidhmiúcháin páirt a ghlacadh i gcruinnithe na Comhairle Ginearálta, ach níl cearta vótála acu.

**2.** Cuspóirí agus cúraimí

De réir Airteagal 127(1) CFAE, is í príomhchuspóir CEBC cobhsaíocht praghsanna a choimeád ar bun. Gan dochar dó sin, tacaíonn CEBC le beartais eacnamaíochta ghinearálta an Aontais d’fhonn cuidiú le gnóthú chuspóirí an Aontais, a leagtar amach in Airteagal 3 CAE. Gníomhaíonn CEBC de réir phrionsabal an gheilleagair margaidh oscailte le saoriomaíocht agus i gcomhlíonadh na bprionsabal a leagtar amach in Airteagal 119 CFAE. Is iad na bunchúraimí a chuirtear i gcrích trí CEBC ná: beartas airgeadaíochta an Aontais a shainiú agus a chur chun feidhme; oibríochtaí um malairt eachtrach is comhchuí le forálacha Airteagal 219 CFAE a sheoladh; cúlchistí oifigiúla eachtracha na mBallstát a shealbhú agus a bhainistiú; oibriú rianúil na gcóras íocaíochta a chur chun cinn.

**3.** Cumhachtaí agus ionstraimí

Tá an ceart eisiach ag BCE eisiúint nótaí bainc in euro a údarú. Féadfaidh na Ballstáit boinn airgid in euro a eisiúint faoi réir fhormheas BCE ar mhéid na heisiúna (Airteagal 128 CEBC). Ritheann BCE rialacháin agus glacann sé na cinntí is gá chun na cúraimí a chuirtear ar CEBC faoin gConradh agus faoi Reacht BCE a chomhlíonadh. Déanann sé moltaí chomh maith agus tugann sé tuairimí uaidh (Airteagal 132 CFAE). Ní mór dul i gcomhairle le BCE maidir le haon ghníomh AE a bheartaítear laistigh dá réimsí inniúlachta agus ní mór d’údaráis náisiúnta dul i gcomhairle leis maidir le haon dréachtfhoráil reachtach laistigh dá réimsí inniúlachta (Airteagal 127(4) CFAE). Féadfaidh sé tuairimí a thíolacadh maidir leis na saincheisteanna a dtéitear i gcomhairle leis ina leith. Téitear i gcomhairle le BCE chomh maith maidir le cinntí lena mbunaítear comhsheasaimh agus maidir le bearta a bhaineann le hionadaíocht aontaithe an limistéir euro in institiúidí airgeadais idirnáisiúnta (Airteagal 138 CFAE). Bailíonn BCE, le cúnamh ó na bainc cheannais náisiúnta, an fhaisnéis staidrimh is gá ó na húdaráis náisiúnta inniúla nó go díreach ó na gníomhairí eacnamaíochta (Airteagal 5 de Reacht BCE). Tugtar liosta d’ionstraimí éagsúla i Reacht BCE a fhéadfaidh BCE a úsáid d’fhonn a chuid feidhmeanna airgeadaíochta a chomhlíonadh. Is féidir le BCE agus leis na bainc cheannais náisiúnta cuntais a oscailt i gcomhair institiúidí creidmheasa, eintitis phoiblí agus rannpháirtithe eile sa mhargadh agus glacadh le sócmhainní mar chomhthaobhacht. Is féidir leis oibríochtaí margaidh oscailte agus creidmheasa a dhéanamh agus is féidir cúlchistí íosta a éileamh. Féadfaidh an Chomhairle Rialaithe cinneadh a dhéanamh freisin maidir le hionstraimí eile um rialú airgeadaíochta, le tromlach dhá thrian. Cuirtear toirmeasc ar mhaoiniú airgeadaíochta le hAirteagal 123 CFAE, áfach, agus socraítear teorainneacha maidir le húsáid na n-ionstraimí um rialú airgeadaíochta. Chun córais imréitigh agus íocaíochta éifeachtacha agus fhónta a áirithiú, féadfaidh BCE bonneagar a chur ar fáil agus beartais formhaoirseachta a chur ar bun. Féadfaidh BCE caidreamh a bhunú le bainc cheannais agus le hinstitiúidí airgeadais i dtíortha eile freisin, chomh maith le heagraíochtaí idirnáisiúnta.

**4.** Na Ballstáit a bhfuil maolú nó rogha an diúltaithe acu

Le hAirteagail 139-144 CFAE, leagtar síos forálacha speisialta do Bhallstáit a bhfuil oibleagáid orthu faoin gConradh an euro a bheith mar airgeadra acu ach nach bhfuil na coinníollacha comhlíonta acu go fóill chun déanamh amhlaidh (‘Ballstáit a bhfuil maolú acu’). Níl forálacha áirithe sa Conradh infheidhme maidir leis na Ballstáit sin, e.g. cuspóirí agus cúraimí CEBC (Airteagal 127(1)-(3), (5) CFAE) agus eisiúint boinn euro (Airteagal 128 CFAE). Tugadh rogha an diúltaithe don Danmhairg, agus dá bhrí sin, níl oibleagáid uirthi a bheith páirteach sa limistéir euro, faoi mar a shainmhínítear i bPrótacal Uimh. 16 a ghabhann le CFAE.

**B.** Feidhm mhaoirseachta

Ó mhí na Samhna 2014, tá BCE freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar gach institiúid creidmheasa sna Ballstáit atá rannpháirteach in SMA, go díreach i gcás na mbanc is mó, nó go hindíreach i gcás institiúidí creidmheasa eile. I dtaca leis an bhfeidhm sin, oibríonn sé i ndlúthchomhar leis na heintitis eile sa Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais. Tá SMA comhdhéanta de BCE agus d’údaráis náisiúnta inniúla ó Bhallstáit an limistéir euro. Féadfaidh údaráis inniúla de Bhallstáit nach bhfuil sa limistéar euro a bheith rannpháirteach in SMA. Déanann BCE maoirseacht go díreach ar na bainc is mó, fad is a leanann na maoirseoirí náisiúnta de bheith ag déanamh faireachán ar na bainc eile

**1.** Bord Maoirseachta

Tá Bord Maoirseachta BCE comhdhéanta de Chathaoirleach, de Leas-Chathaoirleach, de cheathrar ionadaithe ó BCE (nach bhféadfaidh a ndualgais a bheith bainteach go díreach le feidhm airgeadaíochta BCE) agus d’ionadaí amháin ón údarás inniúil náisiúnta i ngach Ballstát atá rannpháirteach in SMA. Ní mór do Pharlaimint na hEorpa ainmniúcháin BCE don Chathaoirleach agus don Leas-Chathaoirleach a fhormheas. Déantar cinntí an Bhoird Maoirseachta trí thromlach simplí. Is comhlacht inmheánach é an Bord Maoirseachta a gcuirtear de chúram air na feidhmeanna maoirseachta arna ndeonú do BCE a phleanáil, a ullmhú agus a fhorghníomhú. Ullmhaíonn sé dréachtchinntí maoirseachta agus molann sé an leagan críochnaithe de na dréachtchinntí sin don Chomhairle Rialaithe. Glactar iad sin mura ndiúltaíonn an Chomhairle Rialaithe dóibh laistigh de thréimhse áirithe ama. Más rud é go n-easaontaíonn Ballstát nach bhfuil sa limistéar euro ach atá rannpháirteach le dréachtchinneadh ón mBord Maoirseachta, bíonn feidhm ag nós imeachta speisialta agus féadfaidh an Ballstát lena mbaineann a iarraidh, fiú, go ndéanfaí deireadh a chur leis an dlúthchomhar.

**2.** Cuspóirí agus cúraimí

Mar mhaoirseoir baincéireachta, áirítear ar chúraimí BCE údarú i gcomhair institiúidí creidmheasa a dheonú agus a aistarraingt, comhlíonadh na gceanglas stuamachta a áirithiú, athbhreithnithe maoirseachta a sheoladh agus a bheith rannpháirteach i maoirseacht fhorlíontach ar ilchuideachtaí airgeadais. Cuirtear de chúram air freisin aghaidh a thabhairt ar riosca sistéamach agus macrastuamachta.

**3.** Cumhachtaí agus ionstraimí

D'fhonn a ról maoirseachta a chomhlíonadh, tá cumhachtaí imscrúdaitheacha (iarrataí faisnéise, imscrúduithe ginearálta agus imscrúduithe ar an láthair) agus cumhachtaí maoirseachta sonracha (e.g. údarú institiúidí creidmheasa) ag BCE. Tá sé de chumhacht freisin ag BCE pionóis riaracháin a fhorchur. Féadfaidh sé a cheangal ar institiúidí creidmheasa maoláin chaipitil níos airde a shealbhú.

**C.** Feidhmeanna eile

Tugann bunúis dlí eile cúraimí breise do BCE. Leis an gConradh lena mbunaítear an Sásra Cobhsaíochta Eorpach (i bhfeidhm ó Mheán Fómhair 2012), tugadh cúraimí do BCE i ndáil le cúnamh airgeadais a dheonú, go príomha measúnú agus anailís. De réir rialacháin bhunaidh an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéamach (BERS), atá freagrach as formhaoirseacht macrastuamachta ar an gcóras airgeadais laistigh den Aontas, cuireann BCE rúnaíocht BERS ar fáil agus feidhmíonn Uachtarán BCE mar chathaoirleach ar BERS freisin. Tá ról comhairleach ag BCE maidir le measúnú a dhéanamh ar phleananna imréitigh institiúidí creidmheasa faoin Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc agus faoin Rialachán maidir leis an Sásra Réitigh Aonair. Laistigh den Sásra Réitigh Aonair, déanann BCE measúnú ar an bhfuil ag cliseadh ar institiúid chreidmheasa nó an dócha go gclisfidh uirthi, agus cuireann sé an Coimisiún agus an Bord Réitigh Aonair ar an eolas dá réir sin.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Déanann Uachtarán BCE tuairisciú don Pharlaimint ar shaincheisteanna airgeadaíochta mar chuid d'Idirphlé Airgeadais ráithiúil. Chomh maith leis sin, ullmhaíonn BCE tuarascáil bhliantúil maidir leis an mbeartas airgeadaíochta a dhéantar a thíolacadh os comhair na Parlaiminte. Glacann an Pharlaimint rún maidir leis an tuarascáil bhliantúil sin. Féadfaidh FPEnna ceisteanna i gcomhair freagra i scríbhinn a chur ar aghaidh chuig BCE. Téitear i gcomhairle leis an bParlaimint freisin sa nós imeachta chun comhaltaí Bhord Feidhmiúcháin BCE a cheapadh.

I dtaca le freagrachtaí maoirseachta nua BCE, tá ceanglais bhreise ar aon dul leo maidir le cuntasacht faoin Rialachán maidir le SMA. Déantar na modúlachtaí praiticiúla chuige sin a rialú trí bhíthin comhaontú idirinstitiúideach idir an Pharlaimint agus BCE. Áirítear ar na socruithe cuntasachta láithreacht Chathaoirleach an Bhoird Maoirseachta ag éisteachtaí an Choiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta; go bhfreagraíonn sé ceisteanna arna gcur ag an bParlaimint; agus go nglacann sé páirt i bpléití rúnda ó bhéal le Cathaoirleach agus le Leas-Chathaoirleach an choiste inniúil nuair a iarrtar sin. Ina theannta sin, ullmhaíonn BCE tuarascáil mhaoirseachta bhliantúil, a ndéanann Cathaoirleach an Bhoird Maoirseachta a chur faoi bhráid na Parlaiminte.

Dražen Rakić / MAJA SABOL
04/2023